Déardaoin 23. Meitheamh 2022

P9_TA(2022)0255

Slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú: iarratas EGF/2022/001 FR/Air France – an Fhrainc

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFrainc – EGF/2022/001 FR/Air France (COM(2022)0201 – C9-0170/2022 – 2022/0143(BUD))

(2023/C 32/19)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0201 – C9-0170/2022),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) d'Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ([1]) ("Rialachán CED"),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 ([2]) ("Rialachán CAI"), agus go háirithe Airteagal 8 de,

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua ([3]) a thabhairt isteach, agus go háirithe pointe 9 de,

— ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0183/2022),

A. de bhrí gur bhunaigh an tAontas ionstraimí reachtacha agus buiséadacha chun tacaíocht bhreise a sholáthar d'oibrithe a bhfuil an domhandú agus athruithe teicneolaíochta agus comhshaoil tar éis difear a dhéanamh dóibh, amhail athruithe ar phatrúin trádála domhanda, díospóidí trádála, athruithe suntasacha ar chaidreamh trádála an Aontais nó comhdhéanamh an mhargaidh inmheánaigh agus géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíocha, agus an t-aistriú ionsar gheilleagar ísealcharbóin agus an tsoghluaisteacht á dhéanamh inrochtana do chách, nó mar thoradh ar dhigitiú nó uathoibriú;

B. de bhrí gur leathnaigh an tAontas raon feidhme an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) chun tacaíocht airgeadais a sholáthar i gcás aon mhórtheagmhais athstruchtúraithe, agus lena gcumhdaítear, ar an gcaoi sin, éifeachtaí eacnamaíocha ghéarchéim an choróinvíris;

C. de bhrí gur chuir an Fhrainc iarratas EGF/2022/001 FR/Air France isteach le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, tar éis 282 oibrí a bheith curtha ar iomarcaíocht san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2 rannán 33 (Deisiú agus suiteáil innealra agus trealamh) agus 51 (Aer iompar) i 12 réigiún NUTS 2 ar mhór-roinn na Fraince den chuid is mó ([4]) agus ceithre réigiún NUTS 2 thar lear ([5]), laistigh de thréimhse thagartha le haghaidh an iarratais ón 1 Iúil 2021 go dtí an 1 Samhain 2021;

([1]) IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
([2]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([4]) Île de France (FR10), Nord Pas de Calais (FRE1), Alsace (FRF1), Pays de la Loire (FRG0), Bretagne (FRH0), Aquitaine (FRI1), Languedoc Roussillon (FRJ1), Midi Pyrénées (FRJ2), Auvergne (FRK1), Rhône Alpes (FRK2), Provence Alpes Côte d'Azur (FRL0) agus Corse (FRM0).
([5]) Guadeloupe (FRY1), Martinique (FRY2), Guyane (FRY3) agus La Réunion (FRY4).

Déardaoin 23. Meitheamh 2022

D. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 282 oibrí iomarcacha ar tháinig a ngníomhaíocht i gcuideachta Air France agus péire dá fochuideachtaí ([6]) chun deiridh le linn na tréimhse tagartha, agus gur cuireadh 1 298 n-oibrí ar iomarcaíocht roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh mar thoradh ar na teagmhais chéanna a spreag deireadh le gníomhaíocht na n-oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht le linn na tréimhse tagartha agus go measfar, dá bhrí sin, gur tairbhithe incháilithe iad na 1 580 oibrí uile;

E. de bhrí go bhfuil an t-iarratas bunaithe ar na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), den Rialachán maidir le CED, lena gceanglaítear scor na gníomhaíochta ag 200 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht thar thréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht a bhí ag soláthraithe agus ag táirgeoirí iartheachtacha agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht;

F. de bhrí go raibh tionchar mór ag géarchéim COVID-19 ar Air France, a bhí ina cúis le titim ghéar ar ioncam agus ar thrácht;

G. de bhrí go raibh athstruchtúrú fhochuideachtaí réigiúnacha Air France isteach in Hop ina ábhair imní shóisialta fiú sular cuireadh tús le géarchéim COVID-19, agus le linn na paindéime, chinn Air France acmhainn Hop a laghdú go mór i dtéarmaí foirne agus aerárthaí araon;

H. de bhrí go bhfuil bearta éagsúla curtha chun feidhme ag údaráis na Fraince, amhail iasachtaí atá ráthaithe ag an Stát, chun tacú le Air France, ach go raibh ar an gcuideachta fós bearta breise a dhéanamh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim, lena n-áirítear oibríochtaí méide a laghdú, an líonra intíre a athshainiú, agus feidhmeanna tacaíochta a shimpliú, rud ba chúis le laghduithe ar an bhfoireann;

I. de bhrí gur dhearbhaigh an Coimisiún go raibh géarchéim eacnamaíoch mar thoradh ar an ngéarchéim shláinte, gur leag sé amach plean téarnaimh don gheilleagar, agus gur leag sé béim ar ról CED mar uirlis éigeandála ([7]);

J. de bhrí go bhfuil fadhbanna móra agus dúshláin mhóra le sárú ag cuideachtaí aerlínte san Eoraip mar gheall ar iomaíocht dhomhanda agus de bhrí go bhfuil gá le bearta chun cosaint chearta oibrithe aerlínte ar leibhéal an Aontais a neartú agus chun a áirithiú go mbeidh an earnáil thábhachtach seo iomaíoch i gcónaí agus go gcoinneofar áiteanna oibre cuibhiúla laistigh den Aontas;

K. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil de EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán CAI;

L. de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag an Aontas maidir leis an dlúthpháirtíocht is gá a sholáthar trí bhíthin ranníocaíochtaí airgeadais ón CED, arb é is aidhm leo tairbhithe a athimeascadh go mear i bhfostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe laistigh nó lasmuigh den chéad earnáil ina raibh siad gníomhach, agus iad a ullmhú do gheilleagar Eorpach níos glaise agus níos digití;

1. ag aontú leis an gCoimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a) de Rialachán CED agus go bhfuil an Fhrainc i dteideal ranníocaíocht airgeadais de EUR 17 742 607 faoin Rialachán sin, arb ionann é agus 85 % den chostas iomlán de EUR 20 873 656, a chuimsíonn caiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe amháin;

2. ag tabhairt dá haire gur chuir údaráis na Fraince an t-iarratas isteach an 21 Eanáir 2022, agus gur thug an Coimisiún a mheasúnú chun críche an 10 Bealtaine 2022 agus gur thug sé fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi an lá céanna;

3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas san iomlán le 1 580 oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Fhrainc ag dréim leis go nglacfaidh na tairbhithe incháilithe go léir páirt sna bearta ("tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu");

4. á mheabhrú go bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh tionchar sóisialta na n-iomarcaíochtaí tábhachtach don Fhrainc, go háirithe i réigiún Île-de-France, áit inar tharla 57 % de na hiomarcaíochtaí; ag tabhairt dá haire gur shonraigh riarachán saothair na Fraince go ndearna athstruchtúrú Air France difear don chóimheá fostaíochta sna críocha lenar bhain; á chur in iúl go láidir go bhfuil freagairt chomhtháite choiteann Eorpach de dhíth ó réigiúin agus ó earnálacha eacnamaíocha a bhfuil deacrachtaí acu chun tacú le teacht aniar na réigiún agus na n-earnálacha sin;

([6]) Hop agus Oiliúint Hop.
([7]) COM(2020)0442.

Déardaoin 23. Meitheamh 2022

5. ag tabhairt le fios gur mná iad 56 % de na hoibrithe iomarcacha agus go bhfuil 30,8 % os cionn 54 bliana d'aois; ag tabhairt dá haire freisin go bhfuil 96 de na hoibrithe iomarcacha faoi mhíchumas;

6. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Fhrainc ar sheirbhísí pearsantaithe a chur ar fáil do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu an 1 Feabhra 2021 agus dá réir sin go mairfidh tréimhse na hincháilitheachta le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Feabhra 2021 go dtí 24 mhí tar éis don chinneadh maoiniúcháin teacht i bhfeidhm;

7. á mheabhrú gurb iad na gníomhaíochtaí seo a leanas atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe: seirbhísí comhairleacha agus gairmthreoir, oiliúint, lena n-áirítear inniúlachtaí cothrománacha, athoiliúint, uas-sciliú, intéirneachtaí agus gairmoiliúint, rannchuidiú le gnó a chruthú, sochair fruilithe, liúntas athfhostaíochta tapa, breisithe tuarastail agus dianchúnamh chun post a chuardach; ag cur i bhfios a thábhachtaí atá sé deiseanna fostaíochta a chur ar fáil go tapa san Aontas d'oibrithe cáilithe a briseadh as a bpost;

8. á athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, gur cheart ról tábhachtach a bheith ag an Aontas maidir leis na cáilíochtaí is gá a chur ar fáil don aistriú cóir agus digiteach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le mórspriocanna beartas eile Eorpach; ag tacú go láidir go leanfaidh CED de dhlúthpháirtíocht a léiriú le daoine a ndéantar difear dóibh agus go gcoimeádfaidh sé an fócas ar thionchar an athstruchtúraithe ar oibrithe sa chuid eile de thréimhse reatha an CAI; á iarraidh go ndéanfaí iarratais amach anseo chun comhleanúnachas beartais a uasmhéadú;

9. á chur in iúl gur geal léi gur dhréachtaigh an Fhrainc an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle le hionadaithe foirne agus ceardchumainn ([8]);

10. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil pacáiste cuimsitheach de bhearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair curtha ar bun ag Air France, i gcomhréir lena oibleagáid dhlíthiúil, arb é is aidhm dó cúnamh a thabhairt do na hoibrithe a leagadh as a bpost;

11. ag cur in iúl go gcuireann Air France oiliúint ar fáil go rialta dá fhoireann ina dtugtar aird ar scileanna digiteacha agus ar scileanna digiteacha atá de dhíth i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, mar chuid dá "Phlean Forbartha Scileanna" agus is díol sásaimh di go bhfuil na hoiliúint sin ar fáil do na hoibrithe iomarcacha fad a bheidh siad rannpháirteach i mbearta CED; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé oibrithe a ullmhú do gheilleagar Aontais glas agus digiteach agus, dá bhrí sin, na haistrithe dúbailte a dhaingniú;

12. ag tabhairt dá haire go mbeidh tionchar ag an gclaochlú digiteach agus glas ar mhargadh an tsaothair, go háirithe in earnáil na heitlíochta; ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an oideachas cáilithe, lena n-áirítear an ghairmoiliúint agus an córas déphrintíseachta mar a thugtar air a chur chun cinn, ar córas é a bhfuil sé léirithe go bhfuil sé éifeachtach i roinnt Ballstát;

13. á chur i bhfáth go bhfuil sé deimhnithe ag údaráis na Fraince nach bhfaigheann na gníomhaíochtaí incháilithe cúnamh ó chistí nó ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais;

14. á athdhearbhú nach bhféadfaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED teacht in ionad gníomhaíochtaí a bhfuil na cuideachtaí freagrach astu, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna, nó aon cheann de liúntais nó cearta oibrithe iomarcacha, chun breisíocht iomlán an leithdháilte a áirithiú;

15. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

16. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh dá fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

17. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún;

([8]) SNPNC, UNAC, UNSA-PNC, CFDT, FO, agus CFE/CGC.

Déardaoin 23. Meitheamh 2022

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFrainc

(EGF/2022/001 FR/Air France)

(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhinne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2022/1164.)